an comhshaol, an tsochaí agus an geilleagar

—

6 Lonnaíocht, forbairt agus inbhuanaitheacht

6 Lonnaíocht, forbairt agus inbhuanaitheacht

Aidhm: scrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna lonnaíochta agus forbartha i limistéir uirbeacha agus thuaithe agus cois cósta, scrúdú a dhéanamh ar na cuir chuige atá ann chun déileáil leis na fadhbanna seo faoin Straitéis Spásúil Náisiúnta, poitéinseal na rothaíochta mar mhodh inbhuanaithe iompair a bhreithniú.

RÁITEAS SIOLLABAIS

Roghaonad 5.5 – Dinimic na Lonnaíochta: Taispeánann lonnaíochtaí uirbeacha patrún úsáide talún atá ag síorathrú agus cothaíonn siad fadhbanna pleanála.

Ba cheart go ndéanfadh daltaí staidéar ar an ní seo a leanas:

- fairsingiú cathracha agus brúnna ar úsáid talún faoin tuath

Roghaonad 5.6 – Dinimic na Lonnaíochta: Féadfaidh fadhbanna éirí as fás ionad uirbeacha.

Ba cheart go ndéanfadh daltaí staidéar ar na nithe seo a leanas:

- fadhbanna uirbeacha na gluaiseachta agus an bhrú tráchta
- cáilíocht comhshaoil
- éifeachtacht straitéisí pleanála uirbí agus athnuachana uirbí maidir le fadhbanna uirbeacha a réiteach

TORTHAÍ

Nuair a bheidh an t-aonad seo críochnaithe acu, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na fadhbanna a eascraíonn as an tsraoilleáil uirbeach a shainaithint
- breac-chuntas a thabhairt ar na straitéisí fadtéarma d'fhorbairt réigiúnach níos cothroime
- ceisteanna agus fadhbanna a bhaineann leis an sraoilleáil thuaithe a shainaithint
- tuiscint a bheith acu ar phoitéinseal na rothaíochta agus ar na teorainneacha atá léi mar mhodh inbhuanaithe iompair.

na físmhíreanna

1 **SRAOILLEÁIL UIRBEACH**
As THE STATE WE'RE IN, sraith 2, clár 3 – 02:22:49

2 **SRAOILLEÁIL THUAITHE**
As THE STATE WE'RE IN, sraith 2, clár 3 – 02:28:22

3 **BRÚ AR ÁISEANNA COIS CÓSTA**
As ECOEYE, sraith 1, clár 3 – 02:37:12

4 **ROTHAÍOCHT I gCATHRACHA NA hÉIREANN**
As ECOEYE, sraith 1, clár 7 – 02:43:09

SRAOILLEÁIL UIRBEACH

PLÉ I nGRÚPAÍ

Tar éis do na daltaí breathnú ar an bhfísmhír, cuir tús le grúp-phlé maidir leis na fadhbanna forbartha thart ar Bhaile Átha Cliath. Iarr ar dhaltaí ráiteas an Taoisigh, an tUasal Parthalán Ó hEachthairn TD, atá i mBileog faisnéise cúlra do dhaltaí, a léamh.

BILEOG GHNÍOMHAÍOCHTA

Léigh leis an rang na gníomhaíochtaí a tugadh i mBileog ghníomhaíochta do dhaltaí, agus ansin iarr orthu leanúint orthu leis an obair a ndéantar cur síos uirthi sa bhileog.

OBAIR LÉARSCÁILE

Féach Léarscáil 2, lch. 58, SSN (geataí agus lárionaid) agus Léarscáil 3, SSN, lch. 61 (dírchonairí straitéiseacha, nasc-chonairí agus pointí rochtana idirnáisiúnta) chun eolas a fháil maidir leis an gcuid den ghníomhaíocht a bhaineann le hobair léarscáile.

SRAOILLEÁIL UIRBEACH

—

faisnéis chúlra

> **...Ach, mar a tharla in go leor geilleagar a raibh rath orthu, bhí an mhíchothroime spásúil i ngreim ar chóta na forbartha in Éirinn. Tá fadhbanna de bharr an phlódaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus ag an am céanna tá roinnt réigiún ag fulaingt de bharr nach bhfuil an úsáid a d'fhéadfaí á baint as a bpoitéinseal ná as a n-acmhainní....**
>
> Teachtaireacht ón Taoiseach, SSN, 2002, lch. iii

Cuireann an Straitéis Spásúil Náisiúnta, a foilsíodh i 2002, comhthéacs ar fáil chun scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar lonnaíochta uirbeacha, tuaithe agus cois cósta. Is é an aidhm atá ag an Straitéis Spásúil Náisiúnta an méid seo a leanas a sholáthar:

> **...frámaíocht pleanála fiche bliain a fhéachann le cothroime forbartha sóisialta, geilleagraí agus fisicí agus coithroime fáis daonra níos fearr idir réigiúin a bhaint amach ...**
>
> Cuspóir na SSN,
> Straitéis Spásúil Náisiúnta 2002–2020, 2002, lch. 10,
> www.irishspatialstrategy.ie
>
> (Dá ngairfear ina dhiaidh seo SSN, 2002)
> Chun críocha an phacáiste acmhainní seo a aistríodh na sleachta as an Straitéis Spásúil Náisiúnta.

Is é coincheap na forbartha inbhuanaithe is bonn don Straitéis Spásúil Náisiúnta.

Deirtear sa doiciméad féin:

> Is éard atá san fhorbairt inbhuanaithe, forbairt a dhéanann freastal ar riachtanais na glúine seo gan dochar do chumas na nglúnta atá romhainn a gcuid riachtanas féin a shásamh. Folaíonn an coincheap na hidéanna tábhachtacha seo a leanas:
>
> - **go bhfuil gnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil ag baint leis an bhforbairt a fhéadfaidh, i dteannta a chéile, cabhrú feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil**
> - **nach mbeidh an fhorbairt inbhuanaithe mura dtiocfar ar chothroime idir na trí dhiminsean seo**
> - **gur cheart don fhorbairt a cheadú do na glúnta atá romhainn cáilíocht saoil a bheith acu a bheadh ar a laghadh chomh hard le cáilíocht an tsaoil a bhí againn féin**
> - **gur cheart don fhorbairt urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá orainn i leith an mhórchomhphobail idirnáisiúnta.**
>
> Tá níos mó i gceist leis an bhforbairt inbhuanaithe ná coincheap comhshaoil, cé gur cuid di an coincheap tábhachtach sin. Éilíonn sí freisin go ndéanfaí an geilleagar dinimiciúil a nascadh leis an gcuimsiú sóisialta, rud a thabharfadh deiseanna don uile dhuine i gcomhshaol ardcháilíochta.

Ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda ar an bhForbairt Inbhuanaithe a reáchtáladh in Johannesburg i mí Mheán Fómhair 2002, agus sa tuarascáil náisiúnta ar an gCruinniú Mullaigh, Making Ireland's Development Sustainable, leagadh an-bhéim ar an tiomantas idirnáisiúnta agus náisiúnta don fhorbairt inbhuanaithe. Tá an SSN, leis an gcaoi a ndíríonn sí isteach ar cheisteanna geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil agus ar an gceangal atá eatarthu, ar cheann de na príomhuirlisí beartais atá againn agus muid ag iarraidh an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Ó thaobh na pleanála spásúla straitéisí, ciallóidh an fhorbairt inbhuanaithe, go ndéanfar i measc rudaí eile na nithe seo a leanas:

- daoine a spreagadh chun iompar poiblí a úsáid, chun taisteal ar rothair agus de shiúl na gcos agus rochtain ar na modhanna iompair seo a chinntiú a oiread agus is féidir
- patrúin inbhuanaithe lonnaíochta agus comhphobail uirbí agus tuaithe a fhorbairt chun daoine a thabhairt níos gaire d'ionaid fostaíochta, do sheirbhísí agus d'áiseanna fóillíochta, agus úsáid níos fearr a bhaint as infheistíochtaí a rinneadh agus a dhéanfar i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear iompar poiblí
- soláthar costéifeachtach seirbhísí poiblí ar nós bóithre, draenáil, áiseanna bainistithe dramhaíola, soilsiú, conláistí poiblí agus scoileanna, a spreagadh
- cur le héabhlóid comhphobal atá comhtháite go sóisialta i gceantair uirbeacha agus i gceantair tuaithe.
- úsáid acmhainní neamh-inathnuaite, ar nós ithreacha, screamhuisce agus talamh talmhaíochta a íoslaghdú
- dochar do ghnéithe comhshaoil, tírdhreacha mar shampla nó gnáthóga agus spéicis chosanta, dobharcheantair aibhneacha, an comhshaol muirí agus an oidhreacht chultúrtha a sheachaint
- a chinntiú go mbeidh an dearadh tógála ar cháilíocht ard agus go mbeidh sé ag teacht le scála agus le comhthéacs na timpeallachta.

An Straitéis Spásúil Náisiúnta
(Creat beartais don fhorbairt inbhuanaithe)
SSN, 2002, lch. 13

SRAOILLEÁIL UIRBEACH

—

faisnéis chúlra

Is as Réamhrá Roinn 3 de dhoiciméad na SSN a tógadh an tábla seo a leanas, a dhéanann achoimre ar bheartais spásúla na Straitéise Spásúla Náisiúnta. (Roinn 3.1, lch. 39)

Mórcheantar Bhaile Átha Cliath níos éifeachtaí	**Daingnítear an ról fíorthábhachtach atá ag Mórcheantar Bhaile Átha Cliath go náisiúnta, ó thaobh feabhas a chur ar an tsoghluaiseacht, ar cháilíocht an deartha uirbigh, ar an meascadh sóisialta, ar naisc idirnáisiúnta agus réigiúnacha.**
Geataí tréana sna réigiúin eile	**Daingnítear an fás cothrom náisiúnta agus an fhorbairt chothrom náisiúnta le líon beag d'ionaid a bhfuil tábhacht leo go náisiúnta, agus a gcabhraíonn an áit a bhfuil siad agus an scála ar a bhfuil siad leis an mais chriticiúil a ghnóthú a theastaíonn chun an fás tréan ar an bhfostaíocht sna réigiúin a chothú.**
Lárionaid	**Tacaítear le patrúin chothroime fáis trí bhailte atá mar naisc idir cumais na ngeataí agus na limistéir eile.**
Struchtúr contaetha agus bailte eile	**Tacaítear le patrúin chothroime fáis trí bhailte a bhaineann an buntáiste is mó is féidir as a rólanna áitiúla agus as a rólanna réigiúnacha agus a bhfuil ceangal acu le rólanna na ngeataí agus na n-ionad forbartha.**
Ceantair bheoga, éagsúlaithe tuaithe	**Baineann ceantair tuaithe tairbhe as roghanna feabhsaithe fostaíochta a bheith ann go háitiúil agus as forbairt a dhéanamh ar a bpoitéinseal acmhainní.**

SRAOILLEÁIL UIRBEACH

CEISTEANNA AGUS FADHBANNA

—

Tarraing aníos liosta de na ceisteanna agus de na fadhbanna atá ann mar gheall ar an tsraoilleáil uirbeach thart ar Bhaile Átha Cliath agus i limistéir Chúige Laighean agus a ndearnadh breithniú orthu sa ghrúp-phlé.

CUARDACH IDIRLÍN/LEABHARLAINNE

—

Scrúdaigh an Straitéis Spásúil Náisiúnta (ar fáil ag www.irishspatialstrategy.ie nó i leabharlanna áitiúla). Breathnaigh, go háirithe ar na ranna seo a leanas:

1. Roinn 2, 'Ireland's changing spatial structure', ó 2.2 'Key development trends within Ireland' ar aghaidh
2. 2. Roinn 3 'Ireland: future spatial structure'.

BEARTAIS SPÁSÚLA NA STRAITÉISE SPÁSÚLA NÁISIÚNTA

—

Déan staidéar ar an tábla atá ar an mBileog faisnéise cúlra 2 do dhaltaí, ina bhfuil achoimre ar na beartais spásúla atá sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.

OBAIR LÉARSCÁILE

—

Ar léarscáil d'Éirinn, marcáil na 'geataí' agus na 'lárionaid' atá beartaithe faoin Straitéis Spásúil Náisiúnta. Cuir isteach na dírchonairí straitéiseacha, na nasc-chonairí agus na pointí rochtana idirnáisiúnta atá beartaithe faoin gCreat Iompair Náisiúnta

TUAIRISC

—

Tar éis an phlé agus tar éis an taighde atá luaite thuas, scríobh tuairisc ina ndéanfar na nithe seo a leanas:

- breac-chuntas a thabhairt maidir le príomhthreochtaí na forbartha in Éirinn
- breac-chuntas a thabhairt ar na príomhbheartais spásúla faoin Straitéis Spásúil Náisiúnta arb é is aidhm dóibh an fhorbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach
- tráchtaireacht ar an gcaoi a ndéanfaidh an Straitéis Spásúil Náisiúnta difríocht don cheantar a bhfuil tú féin i do chónaí ann (breathnaigh ar Iarscríbhinn V, Selection rationale for identified towns, SSN, lch. 149–50).

SRAOILLEÁIL THUAITHE / BRÚ FORBARTHA COIS CÓSTA

PLÉ I nGRÚPAÍ

Tar éis do dhaltaí breathnú ar na físmhíreanna, cuir tús leis an bplé trí iarraidh ar na daltaí na ceisteanna a eascraíonn as tithe aonair faoin tuath a shainaithint.

Iarr ar na daltaí an ráiteas atá sa bileog faisnéise cúlra do dhaltaí a léamh chun cabhrú leo leis an tasc.

I rith an ghrúp-phlé, iarr ar na daltaí an difríocht a thabhairt faoi deara idir tithíocht thuathghinte agus tithíocht chathairghinte mar a dhéantar cur síos orthu sa Straitéis Spásúil Náisiúnta, agus iarr orthu na físmhíreanna dar teideal 'A need to support rural villages and small towns' agus 'Second homes and holiday home development' a bhreithniú (féach an bhileog faisnéise cúlra do dhaltaí).

DÍOSPÓIREACHT

Iarr ar na daltaí caint a ullmhú ar son nó i gcoinne an rúin seo a leanas:

> **Ba chóir go mbeadh sé de shaoirse ag daoine rogha a bheith acu i ndaonlathas. Tá daoine ag iarraidh tithe a thógáil faoin tuath, agus dá bhrí sin, ba cheart don rialtas tacaíocht a thabhairt dóibh.**

Tar éis na díospóireachta, ba chóir do dhaltaí teacht ar chonclúidí maidir leis na ceisteanna a bhaineann leis an tithíocht faoin tuath, agus moltaí a dhéanamh don todhchaí. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar chuid de ghrúp-phlé nó mar thasc aonair.

SRAOILLEÁIL THUAITHE / BRÚ FORBARTHA COIS CÓSTA

—

faisnéis chúlra

Ceist chonspóideach í ceist na tithíochta faoin tuath. Is maith le daoine a bheith ina gcónaí faoin tuath, is minic is maith leo a bheith ina gcónaí gar dá muintir nó san áit ar éirigh siad féin aníos, is maith leo cónaí i dteach a tógadh chun freastal ar a gcuid riachtanas. Chomh maith leis seo, is saoire i bhfad teach a thógáil ná teach a cheannach, agus is minic gur tarraingteach an rogha é teach a thógáil ar thalamh ar leis an gclann cheana féin é. Tarraingíonn tithíocht aonuaire faoin tuath anuas roinnt ceisteanna, áfach. Orthu seo tá na ceisteanna seo a leanas: truailliú screamhuisce ó dhabhcha séarachais, baol méadaithe tráchta de bharr bealaí isteach nua a bheith ann do charranna, tithe scréachacha nó tithe atá deartha go míchuí; bloghadh gnáthóg mar thoradh ar phlandáil mhífheiliúnach agus gnáthóga a bhí ann a bheith á mbaint amach; aonrú sóisialta de bharr patrún scaipthe tithe; daoine a bheith ag brath ar charranna ar bhealach neamhinbhuanaithe, brú níos mó ar chórais iompair faoin tuath, fad a bheith á bhaint as acmhainní seirbhísí sóisialta; agus níos mó úsáide a bheith á baint as mionbhóithre. Tá imní ann freisin go dtógfaidh daoine tithe agus go ndíolfaidh siad ina dhiaidh sin iad – is léir gur bealach é le haghaidh airgead a dhéanamh.

Stephen Rhys-Thomas
Oifigeach Pleanála leis an gComhairle Oidhreachta,
Heritage Outlook, samhradh 2004

TITHÍOCHT THUATHGHINTE

—

Tithíocht atá ag teastáil i gceantair tuaithe laistigh den chomhphobal seanbhunaithe tuaithe ó dhaoine atá ag obair i gceantair tuaithe nó i gceantair uirbeacha máguaird…

SSN, 2002, lch. 106

TITHÍOCHT CHATHAIRGHINTE

—

Tithíocht i gceantair tuaithe atá á cuartú ag daoine atá ina gcónaí agus atá obair i gceantair uirbeacha, lena n-áirítear an dara teach…

SSN, 2002, lch. 106

GÁ TACÚ LE SRÁIDBHAILTE AGUS LE BAILTE BEAGA

—

Ní mór do phleananna forbartha contae a aithint gur acmhainní iad an sráidbhaile agus an baile beag faoin tuath. Ba cheart do phleananna den sórt sin beartais a chur chun cinn a dhéanann talamh slán den fhorbairt chuí i sráidbhailte agus i mbailte beaga faoin tuath, chomh maith le sainbhearta praiticiúla i dtéarmaí talamh seirbhísithe agus conláistí feabhsaithe a sholáthar a spreagfaidh forbairt na mbailte agus na sráidbhailte seo agus a thacóidh leis an bhforbairt sin.

SSN, 2002, lch. 108)

AN DARA TEACH AGUS FORBAIRT TITHE SAOIRE

—

Tá ceantair áilleachta áirithe sa tír, go mór mór cois farraige agus cois locha, faoi bhrú ón bhforbairt de bharr go bhfuil claonadh anois ann an dara teach a thógáil agus tithe saoire a fhorbairt. Tá an próiseas seo á thiomáint de bharr go bhfuil muintir na hÉireann níos rachmasaí anois ná mar a bhídís, de bharr riachtanais na turasóireachta baile agus de bharr go bhfuil níos mó ama ag daoine don fhóillíocht.

SSN, 2002, lch. 108)

ROTHAÍOCHT –MODH INBHUANAITHE IOMPAIR

PLÉ I nGRÚPAÍ

—

Tar éis do dhaltaí breathnú ar an bhfísmhír faoin rothaíocht i gcathracha na hÉireann, cuir tús le grúp-phlé ar an rothaíocht trí thuairim John Bowman, Cathaoirleach Comhar a luadh an athuais:

> **...cyclists ... are the real heroes of sustainable development in the transport area....**
>
> John Bowman, Cathaoirleach Comhar,

Fiafraigh de na daltaí céard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an ráiteas seo.

OBAIR I nGRÚPAÍ

—

Roinn an rang ina ghrúpaí, agus tabhair cóip den bhileog oibre ar chúrsaí iompair do gach grúpa díobh. Beidh daltaí in ann a mbarúlacha a thabhairt ar an mbileog seo maidir le cúrsaí iompair ar scoil agus maidir le tábhacht na rothaíochta inti. Ba cheart do gach grúpa tuairisc a dhéanamh agus ba cheart go dtiocfadh ábhar/ceisteanna as an bplé do staidéar allamuigh ar chúrsaí iompair maidir leis an scoil. D'fhéadfá breathnú freisin ar leabhrán an Taisce Green schools environmental review.

OBAIR LÉARSCÁILE

—

Iarr ar na daltaí an scoil agus a dtithe a mharcáil ar léarscáil den cheantar. Ansin iarr ar na daltaí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh scéim carr-roinnte an úsáid a bhaineann siad as feithiclí, ag taisteal chun na scoile agus abhaile, a íoslaghdú.

(tá an ghníomhaíocht seo bunaithe ar ghníomhaíocht ó chlár Scoileanna Glasa an Taisce)

ROTHAÍOCHT – MODH INBHUANAITHE IOMPAIR

—

bileog sonraí

CEISTEANNA	IS EA / NÍ HEA	NÓTAÍ
FOIREANN		
—		
An de shiúl na gcos a thaistealaíonn formhór na mball foirne?	---------	----------
Nó ar rothar?	---------	----------
Nó ar iompar poiblí?	---------	----------
Nó i gcarranna atá roinnte?	---------	----------
DALTAÍ		
—		
An de shiúl na gcos thaistealaíonn formhór na ndaltaí?	---------	----------
Nó ar rothar?	---------	----------
Nó ar iompar poiblí?	---------	----------
Nó i gcarranna atá roinnte?	---------	----------
CARRANNA NA mBALL FOIRNE		
—		
An carranna díosail den chuid is mó atá ag na baill foirne?	---------	----------
Nó peitreal gan luaidhe?	---------	----------
CARRANNA ATÁ Á nÚSÁID AG DALTAÍ		
—		
An carranna díosail den chuid is mó atá ag na daltaí?	---------	----------
Nó peitreal gan luaidhe?	---------	----------
FEITHICLÍ NA SCOILE		
—		
An feithiclí díosail atá ag an scoil?	---------	----------
An feithiclí iad a ndéantar tiúnadh agus seirbhísiú go rialta orthu?	---------	----------

ROTHAÍOCHT – MODH INBHUANAITHE IOMPAIR

—

imscrúdú tíreolaíochta

TAGAIRT SIOLLABAIS

—

Struchtúr agus eagrú an imscrúdaithe, Croí-Aonad 3, Siollabas Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, lgh 17–18.

TEIDEAL AN tSUIRBHÉ

—

Cleachtadh na rothaíochta ag daoine i bpobal na scoile agus a ndearcadh ar an rothaíocht, agus tábhacht na rothaíochta i bpróifíl iompair foriomlán na scoile.

Leantar na céimeanna seo a leanas sa phróiseas suirbhéireachta:

- **na príomhaidhmeanna a aithint**
- **pleanáil**
- **Modhanna bailithe faisnéise a bhreithniú**
- **sonraí a bhailiú**
- **tuairisc a ullmhú**
- **teacht ar chonclúidí agus meastóireachtaí a dhéanamh.**

CÉIM 1

—

Na príomhaidhmeanna a shainaithint

Déan an liosta seo a leanas d'aidhmeanna a phlé leis na daltaí.

Aidhmeanna:

1. Suirbhé a dhéanamh ar chleachtadh na rothaíochta ag daoine i bpobal na scoile agus a ndearcadh ar an rothaíocht
2. Cáinníocht a dhéanamh ar líon na rothaithe sa scoil.
3. Measúnacht a dhéanamh ar na rudaí a spreagann/nach spreagann daoine chun rothaíocht ar scoil.
4. Comparáid a dhéanamh idir na torthaí agus figiúirí náisiúnta do dhaoine a thaistealaíonn gach lá chuig ionaid oibre, coláistí agus scoileanna.

CÉIM 2

—

Ullmhú

Iarr ar na daltaí:

1. breathnú ar an bhfísmhír maidir leis an rothaíocht i gcathracha na hÉireann
2. imscrúdú a dhéanamh ar na háiseanna atá ann do rothaithe ina scoil.
3. imscrúdú a dhéanamh ar na háiseanna atá ann do rothaithe sa limistéar atá thart ar an scoil (conairí rothaíochta a bheith ann nó as, etc.)
4. na figiúirí náisiúnta a fháil don chomaitéireacht agus don rothaíocht (féach mar shampla láithreán gréasáin na Príomhoifige Staidrimh www.cso.ie).
5. staidéar a dhéanamh ar na ranna cuí de Attitudes and Actions: A National Survey on the Environment (2000, agus 2003) ón Roinn Oidhreachta, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

CÉIM 3

Modhanna bailithe faisnéise a bhreithniú

Déan plé leis na daltaí ar choincheap an tsuirbhé ar ghrúpa samplach agus ar choincheap an tsuirbhé iomláin. Ó tharla go bhfuil fáil orthu siúd uile a bheidh i gceist sa suirbhé – daltaí agus foireann na scoile – is fearr suirbhé iomlán sa chás seo ná suirbhé samplach.

Ceisteanna a cheapadh
Iarr ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar an bhfaisnéis a thugtar i mbileog faisnéise cúlra do dhaltaí ina bhfuil faisnéis chúlra.

Iarr ar na daltaí staidéar a dhéanamh ar an eolas maidir leis na cineálacha ceisteanna a bhíonn i suirbhéanna atá Bhileog faisnéise cúlra 1 do dhaltaí.

- Iarr ar na daltaí ceisteanna a mholadh le cur sa suirbhé.Cuir na ceisteanna ar fad a moladh suas ar an gclár, nó cuir ar páipéar iad agus roghnaigh tuairim agus deich gcinn de cheisteanna, ag tagairt d'aidhmeanna an imscrúdaithe.
- Cuimhnigh ar cheisteanna a thógáil ó Shuirbhé Náisiúnta 2003 na Roinne Comhshaoil, chun go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir an dá shuirbhé.
- Déan cleachtadh ar an suirbhé trí iarraidh ar an rang é a líonadh amach iad féin, agus aon athruithe is gá a dhéanamh air.
- Bíodh roinn ann ina bhféadfar aoisghrúpa agus inscne an fhreagróra (srl.) a scríobh síos.

CÉIM 4

Sonraí a bailiú

- Nuair a bhailíonn/riarann daltaí suirbhé ina bpobal féin, bíonn baol aitheantais ann agus d'fhéadfadh sé seo tionchar a bheith aige ar na freagraí a thugtar. Ní mór don rang teacht ar chomhaontú maidir le rúndacht agus ní mór a chur in iúl do dhaoine a ndéantar an suirbhé uirthi nach baol dá gcomhionannas ná d'aon eolas maidir leis na freagraí a thugann siad sa suirbhé, agus ní mór don rang freisin déanamh de réir a mbriathair.
- Socraigh réamhrá a úsáidfear leis na daoine ar fad a gcuirfear an suirbhé orthu.
- Sula gcuirfear tús leis an suirbhé, aontaigh an áit agus an uair a gcuirfear na freagróirí faoi agallamh. Mar shampla, d'fhéadfaí an suirbhé a dhéanamh sa rang ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí agus d'fhéadfaí an suirbhé a dhéanamh ar dhaoine eile sa scoil ina n-ionaid oibre, más cuí.
- **Fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann:** Bíonn fadhbanna faoi leith ann le ceisteanna faoi dhearcadh agus ní mór do dhaltaí iad a chur san áireamh agus suirbhéanna á ndéanamh acu: mar shampla, d'fhéadfadh drogall a bheith ar dhaoine tuairim a thabhairt ar cheisteanna íogaire, d'fhéadfadh sé nach mbeidís ar aon tuairim nó d'fhéadfadh sé nach mbeadh tuairim ar bith acu faoi cheist faoi leith ag an am.

CÉIM 5

Tuairisc a ullmhú

Chun na torthaí a thaifead, iarr ar na daltaí:

(i) fráma códála a chruthú (liosta le huimhreacha na gceisteanna agus na freagraí is féidir a thabhairt), mar shampla:

Ceist 1 freagraí is féidir a thabhairt:
is ea / ní hea / níl a fhios agam / freagra ar bith

Ceist 2 freagraí is féidir a thabhairt:
aontaím / ní aontaím /
ní hé go n-aontaím ná nach n-aontaím / freagra ar bith

(ii) na suirbhéanna comhlíonta a dháileadh ar ghrúpaí an ranga agus na torthaí a thaifead ar bhileoga scóir, mar shampla:

Ceist	Freagraí			
C1	Is ea	Ní hea	Níl a fhios agam	Freagra ar bith
Líon na bhfreagraí				
C2	Aontaím	Ní aontaím	Ní hé go n-aontaím ná nach n-aontaím	Freagra ar bith
Líon na bhfreagraí				

(iii) na torthaí comhlíonta a roinnt ar ghrúpaí an ranga agus a thaifead ar bhileoga scóir

(iv) na torthaí cáilithe a chur i láthair mar chéatadáin

(v) na torthaí a léiriú le histeagraim, píchairteanna, srl.

(vi) teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun na torthaí a chur i láthair.

(vii) Nuair is féidir é, na torthaí a chur i gcomparáid le torthaí Shuirbhé Náisiúnta na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 2000 nó 2003.

CÉIM 6

Teacht ar chonclúidí agus meastóireacht a dhéanamh

Ba chóir do na daltaí:

- grúp-phlé a thosú bunaithe ar na torthaí
- anailís a dhéanamh ar na torthaí i gcomhthéacs aidhmeanna an imscrúdaithe, agus suntas á thabhairt do chomparáid a d'fheadfaí a dhéanamh le dearcthaí agus tuairimí go náisiúnta
- teacht ar chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise a tháinig as an imscrúdú
- scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas an imscrúdaithe agus ar an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur air

ROTHAÍOCHT – MODH INBHUANAITHE IOMPAIR: IMSCRÚDÚ TÍREOLAÍOCHTA

—

faisnéis chúlra

NA CINEÁLACHA CEISTEANNA I SUIRBHÉ

—

Ceisteanna dúnta

Tugtar ceist chuimsitheach agus cuirtear ciorcal thart ar an bhfeagra cuí nó nó cuirtear tic leis. Is furasta cainníocht a dhéanamh ar na freagraí.

Ceisteanna leathdhúnta

Bíonn malairtí iontu, agus féadfaidh na freagróirí malairt freagraí a thabhairt.

Ceisteanna oscailte

Fágtar línte nó spásanna chun na freagraí a scríobh iontu. Is deacair cainníocht a dhéanamh ar na freagraí.

Ceisteanna grádaithe/scálaithe

Is féidir na freagraí a thabhairt trí uimhreacha (1–5 go hiondúil) nó trí chur síos (ó 'ar fheabhas' go dtí 'go dona').

Tomhais dearcaidh/tuairime

Féadfaidh scála na tuairime dul ó 'aontaím go mór' go dtí 'ní aontaím beag ná mór'.

Scagcheisteanna

Féadfaidh siad a chinneadh nach fiú na ceisteanna a thagann ina ndiaidh a chur.

(bunaithe ar a bhfuil sa leabhrán Project work, Seirbhís Tacaíochta Curaclaim na hIdirbhliana, ar fáil ar www.transitionyear.ie)

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil